

55G

# Modúl 3

# Tochailt - i mbosca

*Foghlaim faoin am atá thart trí bheith i d'fhionnachtaí*

## Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (as Béarla) le breis eolas a fháil*

## OSIE Stair

### RANGANNA NAÍONÁN

**SNÁITHE: Mise agus mo mhuintir**
Snáithaonad:: Mise
Snáithaonad: Mo mhuintir

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
Snáithaonad: Scéalta

### RANG 1 & 2

**SNÁITHE: Mise agus mo mhuintir**
Snáithaonad:: Mise
Snáithaonad: Mo mhuintir

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
Snáithaonad: Scéalta

### RANG 3 & 4

**SNÁITHE: Staidéir áitiúla**
Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
Snáithaonad: Miotais agus finscéalta

**SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa**
Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

### RANG 5 & 6

**SNÁITHE: Staidéir áitiúla**
Snáithaonad: Féastaí agus féilte san am atá thart

**SNÁITHE: Scéalaíocht**
Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
Snáithaonad: Miotais agus finscéalta

**SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa**
Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

## NASCADH



**OSIE Tíreolaíocht**
- Imshaoil dhaonna
- Imshaoil nádúrtha
- Feasacht agus cúram imshaoil



**OSIE Eolaíocht**
- Dúile beo
- Fuinneamh agus fórsaí
- Ábhar
- Feasacht agus cúram imshaoil

## COMHTHÁTHÚ



**Matamaitic**
- Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla
- Uimhreas
- Cruth agus spás
- Sonraí
- Tomhais



**Na hAmharcealaíona**
- Líníocht
- Tógáil
- Fabraic agus snáithín



**Drámaíocht**
- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta



**OSPS**
- Mise
- Mise agus daoine eile
- Mise agus an domhan mór



**Gaeilge**
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht



**English**
- Receptiveness to language
- Competence and confidence
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

“Bhí sé spraíúil.
Is maith liom déantúsáin a aimsiú. Tá súil agam go mbeidh mé ábalta é a dhéanamh arís.”

Dalta Rang 1







## CUSPÓIR

Taispeáint do na daltaí conas mar a thagann seandálaí ar eolas faoin am atá thart trí thochailt.

## AOISGHRÚPA

Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin).

## ÁBHAIR & FEARAS

**Gach foireann**

- Bosca nó tráidire cearnógach nó dronuilleogach : tuairim is 30cm x 40cm ar fad, 10cm ar doimhne (tráidire easair chait mar shampla)
- Gaineamh
- Lián (trowel) nó sluasaid láimhe
- Scuab
- Rialóir
- Roinnt déantúsán

  Sraith Uachtarach : coinnle breithlae; bataí líreacáin; barr buidéil plaisteach uisce; cumhdach barra seacláide; bréagán beag

  Sraith Íochtarach: sliogán; cnámh ainmhí; cloch bhiorach; cnó coill.

**Nod:** Is féidir na boscaí/tráidirí céanna a úsáid arís i Modúl 6.


### Bileoga Oibre (BO)

- Ceadúnas Tochailte **(BO1)**
- Bileog Thaifid - Déantúsán **(BO2)**
- Ag féachaint go géar **(BO3)**
- Bileog Thaifid - Sraith **(BO4)**

## ULLMHÚCHÁN

- Roinn an bosca/tráidire ina ghreille. Scríobh 1-4 ar thaobh amháin an bhosca agus A-C ar an taobh eile.
- Líon leath an bhosca/tráidire le gaineamh nuair nach bhfuil na daltaí ann. Ansin cuir na ceithre dhéantúsán de chuid na Clochaoise sa tsraith.
- Anois cuir leathanach nuachtáin nó plaisteach anuas ar sin agus líon an bosca/tráidire suas, beagnach go dtí an barr.
- Anois cuir déantúsáin na linne seo sa tsraith uachtarach.

**Bí cúramach le rudaí géara. Ba chóir gaineamh a chlúdach nuair nach bhfuil sé in úsáid.**




**Féach na smaointe do na sraitheanna/ déantúsáin i *dTreoirlínte an Mhúinteora.***





# Tosaímis!

## Suíomh a Chruthú

Déanfaidh na daltaí tochailt seandálaíochta ar dhá shraith i mbosca gainimh a ullmhóidh an múinteoir roimh ré. Seasann na sraitheanna do dhá leibhéal éagsúla de shibhialtacht: An Chlochaois agus Ré na linne seo. An Chlochaois is ea an tsraith íochtarach agus luíonn sraith na linne seo anuas uirthi. Is mar seo a thógtar sraitheanna seandálaíochta ceann ar cheann de réir a chéile.

## An Ghníomhaíocht

- Roinn an rang i bhfoirne de thriúr nó de cheathrar
- Iarr ar gach foireann stiúrthóir a cheapadh
- Tabhair do gach foireann:
  - Tráidire gainimh réamhullmhaithe
  - Lián agus scuab
  - Ceadúnas Tochailte (**BO1**)
  - 8 mBileog Thaifid - Déantúsán (**BO2**)
  - Málaí plaisteacha nó tráidirí chun na déantúsáin a chur iontu.
  - Treoracha oibre do na daltaí (féach thíos)

## An Tochailt

### Obair an Stiúrthóra

1. Líon isteach an ceadúnas (**BO1**)
2. Déan comhordú ar obair na dtochaltóirí agus déan cinnte de go ndéanann siad an obair céim ar chéim san ord ceart.
3. Ceap duine den fhoireann chun tosú ar an tsraith uachtarach a thochailt (sraith 1). Déan cinnte go mbaineann na tochaltóirí an gaineamh ina sraitheanna tanaí (ná lig dóibh poill a thochailt) ag úsáid liáin.
4. Eagraigh na tochaltóirí ag déanamh cinnte go bhfaigheann gach ball seans chun déantúsán a aimsiú.
5. Nuair atá an stiúrthóir sásta go bhfuil sraith amháin tochailte go hiomlán, is féidir na liáin a fhágáil ar leataobh agus tosú ar an obair iar-thochailte don chéad sraith.
6. Coinnigh an tochailt néata agus slachtmhar - ná fág cairn ghainimh in áit ar bith
7. Tá Bileog Oibre 4 roghnach (féach Treoirlínte an Mhúinteora)

### Obair na dTochaltóirí

1. Tosaíonn an tochaltóir atá ceaptha ag baint sraith thanaí ghainimh ar fad iomlán an bhosca ag úsáid liáin (ná tochail poill).
2. Cuir an gaineamh tochailte i dtráidire spáráilte ag úsáid na sluaiste láimhe.
3. Nuair a aimsíonn tú an chéad déantúsán, stop agus glan an gaineamh timpeall air.
4. Tugtar 'Déantúsán 1' ar an gcéad déantúsán.
5. Bain amach an déantúsán go cúramach agus cuir in áit shábháilte é (barr boird/bosca/ mála plaisteach). Má aimsíonn tú déantúsáin atá cosúil lena chéile is féidir iad a chur isteach i mála amháin agus iad a chlárú mar rud amháin.
6. Tabhair an lián don chéad duine eile agus lean den tochailt.





## Obair iar-thochailte

### Sraith 1

Tá sé tábhachtach sos a ghlacadh agus measúnú a dhéanamh ar a aimsíodh i ndiaidh sraith 1 a thochailt. Ba chóir ceann amháin, dhá cheann nó na trí cinn de na tascanna seo a dhéanamh, ag brath ar rogha an mhúinteora.

1. Iarrann an stiúrthóir ar gach ball den fhoireann 'Bileog Thaifid – Déantúsán' (**BO2**) a líonadh isteach do gach déantúsán a d'aimsigh siad i sraith 1. Má aimsíodh cúpla déantúsán den chineál céanna is féidir iad a chlárú ar an mBileog Thaifid chéanna.
2. Roghnaigh déantúsán amháin (nó níos mó) agus déan mionscrúdú air, ag freagairt na gceisteanna ar **BO3**.
3. Scríobhann gach ball den fhoireann scéal Sraith 1.

### Sraith 2

Nuair atá an stiúrthóir sásta go bhfuil sraith 1 tochailte go hiomlán is féidir leanúint den obair agus sraith 2 a thochailt ag leanúint na gcéimeanna céanna.

## Gníomhaíocht Dheiridh

Iarr ar gach foireann cur síos a thabhairt don rang ar cad a fuair siad i rith na tochailte:

- Cé na déantúsáin a aimsíodh?
- Cén fhianaise a thugann na déantúsáin dúinn?
- Cén t-eolas a d'fhoghlaim siad faoin tsochaí a tháirg na déantúsáin sin?

## Naisc Ghréasáin

Naisc Ghréasáin

*Déantúsáin a úsáid sa seomra ranga*
**www.schoolsliaison.org.uk/loans/loans_site/preview/Loans1.htm**

*Tochailt i mbosca gainimh*
**www2.sfu.ca/archaeology/museum/classroom/sandbox.html**

**Téarmaí**

- Tochailt
- Ceadúnas

**Ní fhaigheann ach seandálaithe cáilithe ceadúnais tochailte i bPoblacht na hÉireann. ( Na rialacháin um Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta)**

### Loga an Mhúinteora

*"Rinne mé an tochailt leis na naíonáin. D'úsáid mé rudaí ón gcistin a raibh cur amach acu orthu. D'athraigh mé na bileoga oibre chun iad a chur in oiriúint dóibh."*

*Múinteoir Naíonán*

